Is ardán bhríomhara agus bheoga iad na músaem do gach guth, gach pobal, agus eispéisí nach rabhthas ag súil leo. Caithfidh cumarsáid agus idirphlé a bheith ina fhoinsse inspioráide, áthais agus athraithe. Tá na músaem ar thus cadhnaíochta in athruithe cultúrtha, mar a ndéanann daoine a gcuid saoránacha a athshamhlú agus a léirionn siad todhcháil ina mbeidh féidearthachtaí. Tá an cumas ag ealaín agus ag smaoineamh cruthaitheach maidir le samhlaíocht agus athnuachan síoraí a dhéanamh. Cabhraíonn siad linn go léir greim a fháil ar dhomhan atá ag athrú. Méadaíonn saothar ealaíne agus na comhráite timpeall orthu ár bhfís thar ár n-eispéisí féin agus cuíreann siad le smaointeoirreacht nuáilach faoin am a chuaigh thart, faoin am i láthair agus faoi thodhchaíochtaí comhchoiteanna.

Tá Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, atá lonnaithe in Ospidéal Rioga Chill Mhaighneann, mar a bhí, ina fhoirgneamh neamhghnáach ón 17ú haois, agus é suite ar chnoic de 48 acra ag breathnú amach ar an Life, agus é ina fhinnéar mhílaois ar a laghad d'athraithe. Cothaíonn é sin go léir ár smaointeoirreacht chomhaimseartha agus ár dtiomantas chun an suíomh iontach seo a cheiliúradh. Is as an radharc sin gur mhaith linn a rá gur féidir linn go léir a fheiceáil beagán níos faide. I ndomhan ina bhfuil bríonna ag athrú agus ag teacht chun cinn ní mórdúshláin an athraithe teacht i bhfeidhm ar léiriú cathartha agus cultúrtha agus muid ag breathnú chun cinn agus ag cruthú féidearthachtaí nua. Ag IMMA tá túis curtha againn le spás uathúil a chruthú laistigh den chultúr comhaimseartha. Is spás é seo a nascann nithe áitiúla agus domhanda, spás ina mbuaileann ealaín chomhaimseartha agus an saol comhaimseartha le chéile, ina dtugann siad dúshlán dá chéile agus ina spreagann siad a chéile.

Spás ina ndéanaimid ní hamháin breathnú go héighníomhach ar an saol comhaimseartha, ach spás ina dtugaimid deis don chomhphlé chun todhchaíochtaí malartacha agus, go háirithe, inbhuanaithe a shamhlú,

atá beo ar an dúshlán a chuireann an t-athrú aeráide orainn go léir. Agus is sa mheon seo atá ceithre phríomhthionscnamh forbartha againn chun cabhrú lenár gcláira mhúnlú sna cúig bliana atá le teacht:

1. Spreagadh le haghaidh Athrú
2. Spás Poiblí go Radacach
3. Ionad Taighde agus Nuálaochta
4. Nascóir Domhanda

#### **Spreagadh le haghaidh athrú.**

Eascaraíonn an todhchaí as an lá atá inniu ann agus beidh tionchar ag na hathruithe iomadúla atá ag tarlú ar ár saol sna blianta amach romhainn. Mar mhúsaem atá dírithe ar chultúr nua-aimseartha agus comhaimseartha, freagraíonn IMMA do na hathruithe sin trí spás a chruthú inar féidir le healaíontóirí agus leis an bpobal machnamh a dhéanamh ar ábhair imní shóisialta, pholaitiúla agus chomhshaoil agus aghaidh a thabhairt orthu. Spás a fheidhmíonn mar spreagadh le haghaidh athrú cruthaitheach agus a nascann pobail chun todhchaí chomhroinnt a shamhlú.

#### **Spás Poiblí go Radacach**

Anseo ag IMMA aithnímid go bhfuil go leor cineálacha sa léiriú cruthaitheach. Tá an campas ar fad á fhobairt againn mar spás poiblí radacach inar féidir le guthanna, pobail agus smaointe éagsúla teacht le chéile, a mhalaírtú agus a ghiniúint. Is é IMMA an áit a nglactar leis an éagsúlacht mar chonair chuig cruthaitheach agus rannpháirtíocht mar chuid den saol poiblí.

#### **Ionad Taighde agus Nuálaochta**

Is léiriú beo iad na saothair ealaíne agus na cartlanna atá i mbailiúchán IMMA ar ár bhféiniúlach chultúrtha dhinimiciúil, is é sin léiriú orainn fén san am atá caite i gcomhthéacs domhanda agus stairiúil agus na mianta atá againn maidir linn fén amach anseo. Táimid ag leathnú an bhailliúcháin agus na gcartlann anois chun éagsúlacht níos mó ealaíne agus ealaíontóirí a léiriú, lena n-áirítear cleachtais dhomhanda agus institiúidi idirnáisiúnta ealaíne agus oideachais, líonraí poiblí agus daonchairdis níos leithne.

#### **Nascóir Domhanda**

Tá IMMA tiomanta do láithreacht chruthaitheachta na hÉireann a mhéadú go hidirnáisiúnta, trí bheith gníomhach i líonra idirnáisiúnta de chomhpháirtithe a bhfuil an dearcadh céanna acu agus atá againn fén, trí thionscadail chomhoibríocha agus taispeántais chamchuaire, agus trí chuireadh a thabhairt do choimeádaithe agus d'ealaíontóirí idirnáisiúnta comhoibriú agus idirphlé a dhéanamh leis an bpobal cruthaitheach atá lonnaithe anseo in Éirinn. Bí linn ar ár mbarr cnoc i gCill Mhaighneann. Is féidir níos mó a feiceáil ón áit seo.

**Annie Fletcher**  
**Stiúrthóir**

## EOLAS FAOI IMMA

Cuireann IMMA spás ar fáil do gach glúin agus do phobail chun dul i ngleic le cruthaitheacht, le smaointeoiréacht choinchéapúil, agus le brí chultúrtha.

Is ealaín ár linne ealaín chomhaimseartha agus cuidionn sí linn tuiscint a fháil ar an domhan ina mairimid i láthair na huaire. Mar sin is meán cumhachtach í trinár feidir spriocphobal leathan a spreagadh chun páirt a ghacadh i saol cultúrtha gniomhach.

Bunaithe i 1991, is é IMMA an Foras cultúrtha náisiúnta d'Ealaín Nua-Aimseartha agus Comhaimseartha na hÉireann, atá lonnaithe ina bhaile stairiúil ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann. Cuimsíonn ár gclár éagsúil agus uaillmhianach taispeántais, coimisiúin, agus tionscadail le healaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta mór le rá, chomh maith le clár saibhir rannpháirtíochta agus foghlama a thugann deis do lucht féachana de gach aois teagmháil a dhéanamh le healaín chomhaimseartha agus a gcruthaitheacht a scaoileadh.

Tá an Bailiúchán Náisiúnta Nua-Ealaíne agus Ealaíne Comhaimseartha lonnaithe in IMMA agus breis is 4,500 saothar ealaíne ann le healaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta. Cuirimid an acmhainn náisiúnta seo ar fáil trí thaispeántais ag IMMA agus in ionaid eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, trí chláir rannpháirtíochta agus foghlama agus acmhainní digiteacha.

Le 30 bliain anuas tá cleachtas na healaíne comhaimseartha in Éirinn ardaithe ag IMMA go leibhéal nua aitheantais ar fud an oileáin agus go hidirnáisiúnta. Trí bheochan a dhéanamh ar an láithreán oidhreachta eisceachtúil i gCill Mhaighneann, lean IMMA de pháirt a thabhairt do lucht féachana agus do chuaireoirí de gach aois agus cúlra i dtaispeántais iontacha, in imeachtaí doimhne tumoideachais agus i gclár chultúr shuntasacha.

Ag cur leis an ardán oidhreachta seo, tá an chéad chéim eile den fhobairt straitéiseach do IMMA léirithe ag an rún atá againn tionchar níos mó a chruthú do lucht féachana níos leithne fós. Mar cheann scriibe do rannpháirtíocht cruthaitheach, idirphlé agus diospóireacht, fásfaidh IMMA ar an láthair i gCill Mhaighneann agus ina raon idirnáisiúnta, ag cur cáil na hÉireann mar cheannaire i gcleachtas ealaíne comhaimseartha go daingean i gcomhthéacs domhanda.

### Fís

A bheith mar an gceann scriibe cultúrtha is siorathraithí agus is fáiltí in Éirinn, agus nua-ealaín á baillí agus á cur ar taispeáint, atá aitheanta go hidirnáisiúnta mar cheannaire smaoinimh i gcleachtas na healaíne comhsimseartha.

### Misean

Agus é fréamhaithe ina champas stairiúil, cothaíonn IMMA léiriú ealaíonta agus nuáláiocht cruthaitheach trí chláir atá dírithe ar thaighde, cruthú, cur i láthair agus bailíú ealaíne ár linne.

Fig 1. Spring Opening, IMMA.



Fig 2. IMMA Outdoors, IMMA.



# PRÍOMH-BHUNPHRIONSABAIL IMMA

Is é IMMA coimeádaí Bhailiúchán Náisiúnta na hÉireann um Ealaín Chomhaimseartha agus um Nua-Ealaín. Tá sé freagrach as a fhobairt, a chúram, a chaomhnú, a thaispeáint agus a scaipeadh chun go mbeidh muintir na hÉireann agus cuairteoirí in ann é a úsáid agus taitneamh a bhaint as.

Oibrímid faoi na príomh-bhunphrionsabail seo a leanas:

- Comhaimseartha** – Freagraíonn ealaíontóirí dá dtimpeallacht agus tá léargas ríthábhachtach maidir le féinthuscint na sochaí. Tugann léirmhíniú agus cur i láthair a gcuid saothair páirt don phobal i ndioscúrsa an lae inniu, agus iad ag iniúchadh an domhain chomhaimseartha trí lionsa físeacha.
- Cuimsiú** – Féachann IMMA le bheith ina spás níos oscailte agus níos cuimsithí dá fhoireann agus don phobal araon. Féachann an t-áras le tionscnaimh nua a chur chun cinn chun teagmháil a dhéanamh le lucht féachana agus le pobail ar fud na tíre agus cláir fhisiceacha agus dhigiteacha á dtáirgeadh aige do lucht féachana a bhíonn ag méadú i gcónai.
- Nuálaíocht** – Ó bunaíodh é tá IMMA ina fhoinsí beatha cruthaitheachta, ag sárú teorainneacha ar bhonn leanúnach. Is ionad é IMMA le haghaidh turgnamh le cleachtas ealaíne agus tá smaointeoireacht chriticiúil chomhaimseartha ina chroílár.
- Comhoibriú** - Neartaíonn IMMA tionchar a chuid oibre trí chomhoibrithe lánbhríocha a chruthú chun tacú lenár bpobal ealaíne, chun an bailiúchán a roinnt ar bhonn níos leithne agus chun ranpháirtíocht agus teagmháil le lucht féachana nua agus atá ann cheana féin a fheabhsú.
- Nasctha go Domhanda** - Agus é fréamhaithe go domhain in Éirinn, thír go domhanda ina chompháirtiochtaí, ina chomhoibrithe agus ina chláir, léiríonn campas IMMA agus a bhailiúchán an domhan mór timpeall orainn.

**Fig. 1** Earth Rising (IMMA, Féile Ealaíne Écoolaíche 2022, Grangharaffte Kyle Tunney.



## SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA: ÁR DTASC AMACH ANSEO

Forbraítear príomhthéamaí i Straitéis IMMA 2024-2028 mar fhreagra ar ábhair imní cultúrtha náisiúnta agus domhanda reatha a mhúnlóidh ár gclár gníomhaiochtaí thar na cúig bliana amach romhainn.

Feabhsóidh na pleannána uaillmhianacha seo rannpháirtíocht IMMA lena lucht féachana agus curfidh siad ealaín agus taighde na hÉireann chun tosaigh igcleachtas idirnáisiúnta.

Tá an plan seo a leanas eagraithe ina cheithre sprioc straitéiseacha uileghabhálacha a ndíreoiríodh orthu sna cúig bliana amach romhainn. Is obair leantach cuid acu d'obair leanúnach; tá cinn eile sna céimeanna pleánála; agus tá cinn eile diríthe ar an todhchai. Trí dhíriú ar na spriocanna seo, bainfimid ár bhfís agus ár misean amach.

### Sna cúig bliana amach romhainn is mar seo a leanas a bheidh IMMA:

1. Spreagadh le haghaidh Athrú
2. Spás Poiblí go Radacach
3. Ionad Taighde agus Nuálaíochta
4. Nascóir Domhanda



Fig 1. Chapter One, Queer Embodiment, of the Narrow Gate of the Here-and-Now.  
Fig 2. Who Does the Earth Think it is? The Otolith Group- Xenogenesis, IMMA



# SPREAGADH LE HAGHAIDH ATHRÚ

Bhí ról cumhachtach ag an ealaín i gcónaí maidir leis an tsochaí a léiriú agus a mhúnlú. I ndomhan a bhíonn ag athrú go tapa, tuigimid ár ról mar spás le haghaidh diospóireachtaí cultúrtha agus idirphlé sóisialta, ag cur léiriú ealaíne agus nuálaíocht chruthaitheach chun cinn mar phointe lárnach dioscúrsa mar fhreagra ar dhúshláin chomhaimseartha.

Trí lucht féachana a mhealladh ar bhealaí cruthaitheacha a spreagann smaointe, is féidir le IMMA braistint phráinne a chothú maidir leis an ngá atá le maoirseacht chomhshaoil agus le pobail a nascadh i ndomhan atá ag éirí níos roinnte.

Tá an ghéarchéim aeráide ar cheann de na dúshláin is mó atá roimh an gcine daonna óna dteastaíonn comhiarrachtaí chun a tionchair a mhaolú agus chun todhchaí inbhuanaithe a áirithíú do na glúnta atá le teacht. Is amhlaidh freisin atá ceisteanna a bhíonn ann i gcónaí maidir le ceartas sóisialta flor, comhionannas ionadaíochta agus ár bhfreagracht mar institiúidí poiblí chun bacainní ar chuimsiú a bhriseadh síos.

Beidh IMMA ina spreagadh chun gníomhartha a chur chun cinn agus a shlóghadh le haghaidh athrú dearfach aeráide agus dul chun cinn sóisialta trí shaothar ealaíne a chur ar taispeáint a ardaíonn feasacht, a thugann dúshlán do scéalta príomhshrutha, agus a spreagann cleachtais inbhuanaithe.

## Thar thréimhse na straitéisí seo, déanfaimid an méid seo a leanas:

- Óstáil a dhéanamh ar thaispeántais a thugann aghaidh ar shaincheisteanna sóisialta agus polaitiúla reatha a bhaineann le féiniúlacht, ag comhlíonadh ár dtiomantas don éagsúlacht inár gcleachtais choimeádaithe agus inár gclárú.
  - Féile bhliantúil éiceolaíoch ‘Earth Rising’ a óstáil, le coimisiún mhóra nua chun todhchaí inbhuanaithe a shamhlú.
  - Smaointeoireacht earnála a threorú maidir le hídiú carbóin, ranpháirtíocht chuimsitheach lucht féachana, agus éagsúlacht sna healaíona.
- Comhráite ar éiceolaíocht a chur chun cinn agus nuálaíocht a spreagadh i bhfréamhshamlacha ealaíne-éiceolaíochta a léiríonn dea-chleachtas comhshaoil.
- Ról ceannasach a ghlacadh maidir le cleachtadh, tacaíocht, agus rochtain ar na healaíona do dhaoine óga agus maidir lena n-ábhair imní don todhchaí.
  - Tacú le glacadh rioscaí agus turgnamh ealaíne.

## SPÁS POIBLÍ GO RADACACH

A athint go bhfuil go leor cineálacha sa léiriú cruthaitheach. Ag IMMA táimid ag athshamhlú an champais ar fad mar spás poiblí radacach ina dtagann guthanna, pobail agus smaointe éagsúla le chéile, agus ina mbíonn an chruthaitheacht faoi bhláth tríd an éagsúlacht. Cé acu ag éisteacht le ceol beo sa Chlós, ag bualadh isteach ar an Mol Cruthaitheachta nua, ag cur cruthaitheacht agus nuálaíocht i gcroílár an Árais, nó ag siúl agus ag caint le cairde agus teaghlaigh ar na tailte atá tú, is ceann scríbe cuimsitheach, dinimiciúil é IMMA do chách.

### Thar thréimhse na straitéise seo, déanfaimid an méid seo a leanas:

- Cur leis an tionchar a bhíonn ag riomhchlárú ealaíne lasmuigh ag baint úsáide as an suíomh iomlán 48 agra cun áit spreagúil agus inrochtana a chruthú do gach cuairteoir.
- An Clós a fhorbairt mar spás taitneamhach ina mbeidh imeachtaí beo.
- Eispéireas an chuairteora a fheabhsú trí spásanna fáiltithe na gcuairteoirí a athdhearadh agus uasghrádú suntasach a dhéanamh ar aimsiú bealaí agus ar chomharthaí ar fud an champais ar fad i gcomhar le hOifig na nOibreachea Poiblí.
- WiFi agus acmhainn dhigiteach a leathnú ar fud an tsuímh chun cabhrú le cuairteoirí iniúchadh a dhéanamh ar na tailte agus ar an Áras.
- Tógáil ar rath ár gClár Ealaíne & Aosaithe trí shraith níos leithne de chláir a chruthú chun tacú le hEalaín & Folláine, ar a dtugtar IMMA Horizons, ag cur le folláine mheabhrach agus fhisiciúil ár bpobal ar an láthair agus ar líne ar aon.
- Clár cónaitheachta IMMA a fhorbairt ina chlár bliantúil a mhéadaíonn an bhéim ar thurgnamh, ar thaighde idirnáisiúnta, agus ar mhalartú, ag giniúint pobal inbhuanaithe d'ealaíontóirí agus de smaointeoirí.
- Ár Spásanna Tionscadail a athrú ina Mol Cruthaitheachta, agus foghlaim, nuálaíocht agus cruthaitheacht á gcur i gcroílár an Árais.
- Téamaí nua ranpháirtíochta a fhorbairt ag béim á leagan ar fhairsinge na bpobal atá i sochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann, nascadh le lucht féachana nua.

**Fig 1.** IMMA Outdoors.



**Fig 2.** IMMA Summer Party, Continuous Patterns. IMMA.



SPREAGADH LE HAGHAIDH ATHRÚ  
PLEAN STRAITÉISEACH IMMA 2024–2028

**Fig 1.** Radharc ar an suiteán,  
*DREAMSPHERE* le Aoife Dunne,  
Imma, Baile Átha Cliath. Grianghraif  
le Aoife Dunne.



# IONAD TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHTA

Tá níos mó i gceist leis an mbailliúchán buan ag IMMA ná bheith ina thaispeántas don ealaín chomhaimseartha. Is léiriú beo é ar ár bhféiniúlacht chultúrtha, rud a léiríonn cé muid féin i gcomhthéacs domhanda agus stairiúil. Sa todhchaí leanfaimid orainn ag leathnú an bhailliúcháin chun éagsúlacht ealaíne agus ealaíontóirí a chur i láthair ar bhealach níos cruinne, lena n-áirítear saothair a ndearnadh neamháird orthu roimhe seo, nach ndearnadh faillí orthu nó nach raibh ach tearcionadaíocht déanta orthu.

Athróidh forbairt Lárionad IMMA um Shármhaitheas agus Nuálaíocht Dhomhanda Ealaíne agus Taighde raon an Árais sa réimse digiteach, ag soláthar rochtain saor in aisce ar ionad eolais a bheidh dírithe ar an todhchaí, ag comhcheangal saothair ealaíne ón mbailliúchán, ón gcartlann agus ó acmhainní foghlama i músaem digiteach bheo a bheidh ar fáil do lucht féachana ar fud an domhain.

**Thar thréimhse na straitéise seo, déanfaimid an méid seo a leanas:**

- Infheistíocht a dhéanamh i gclaochlú digiteach na mbailliúchán institiúideach agus i ndea-chleachtas i láimhseáil dhigiteach ábhar cartlainne.
- Ionad foghlama ar líne a phorbairt le bunachar sonraí de shaothair, de chartlann agus de thaighde an bhailliúcháin.
- Suíomh gréasáin IMMA a athdhearadh chun eispéireas an úsáideora a fheabhsú.
- Infheistíocht i dtáighde agus i ranpháirtíocht le sain-acadóirí a mhéadú
- Sraith de thaispeántais théamacha bunaithe ar thaighde a phorbairt.
- Ardáin foghlama a leathnú mar phointe fócais idirnáisiúnta.
- Comhdhálacha idirnáisiúnta a óstáil ar ealaín chomhaimseartha agus ar a háit sa domhan.
- Creidiúnú a fháil ón gClár um Chaighdeán Músaem in Éirinn.
- Leanúint d'infheistíocht a dhéanamh inár bhfoireann agus ina saineolas.
- Taighde fairsing a dhéanamh ar ár lucht féachana.
- Machnamh a dhéanamh ar oidhreacht an tsuímh i gcomhthéacs a staire luaithe.
- Ról ceannaireachta a ghlaicadh maidir le cur san áireamh sa dioscúrsa poiblí conas a scaoileann múaem agus báilliúcháin náisiúnta an tsamhlálocht dár dtodhchaí comhchoiteann trí mhacalla na hoidhreachta agus na cartlainne.

## NASCÓIR DOMHANDA

Tá leasanna lucht féachana na hÉireann ag dul i méid ar fud an domhain, agus tá níos mó spéise ag lucht féachana domhanda in Éirinn. Bhí baint lárnach ag IMMA le tírdhreach cultúrtha na hÉireann a fhorbairt a bhfuil naisc dhomhanda tábhachtacha aige. Táimid tiomanta do láithreacht chruthaitheachta na hÉireann a mhéadú tuilleadh go hidirnáisiúnta trí dhul i ngleic go gníomhach le líonra idirnáisiúnta de chomhpháirtithe a bhfuil an dearcadh céanna acu agus atá againn féin, trí chomhpháirtíochtaí nua a bhunú, trí thionscadail chomhoibríocha agus trí thaispeántais chamchuaire, agus trí chuireadh a thabhairt do choimeádaithe agus d'ealaíontóirí idirnáisiúnta comhoibriú le cleachtóirí Éireannacha.

### Thar thréimhse na straitéise seo, déanfaimid an méid seo a leanas:

- Ár naisc le comhpháirtithe idirnáisiúnta a neartú trí thionscadail chomhoibríocha agus taispeántais chamchuaire.
- Taighde a tháirgeadh ar naisc idir cultúr na hÉireann agus forbairtí tábhachtacha comhuaineacha idirnáisiúnta.
- Rochtain ar ealaín idirnáisiúnta ar fud na hÉireann a mhéadú.
- Bailiúchán IMMA a chur chun cinn go hidirnáisiúnta i measc lucht féachana domhanda.
- Ealaín idirnáisiúnta a cheannach chun béim a leagan ar raon feidhme domhanda an chleachtais ealaíne chomhaimseartha.
- Stair ealaíne domhanda níos éagsúla a chlárú.
- Clár coimeádaithe cuairte a bhunú chun tacú le hinfheictheacht ealaíontóirí Éireannacha thar lear.
- Béim a leagan ar Éirinn mar thír atá ag éirí níos domhanda.



**Fig 1.** *Radharc ar shuiteán le Monir Shahroudy Farmanfarmaian, Sunset, Sunrise*, 2018. IMMA, Baile Átha Cliath.



Fig 1. Taibhinn Amanda Coogan 'Yellow'  
mar chuid de Chaibidil a hAon, Queer  
Embodyment, de chuid The Narrow Gate  
of the Here-and-Now, IMMA. Grianghraif:  
Grianghrafaidhreacht Conor McCabe.

## COMHTHÉACS STRAITÉISEACH

Tá sprioc IMMA maidir le bheith ina 'Spás Poiblí go Radach' atá sábhálte, soineanta agus cuimsitheach ailínithe go díreach le roinnt beartas straitéiseach náisiúnta, lena n-áirítear Éire Chruthaitheach 2022-2027 a dhírionn ar Phobail Chruthaitheacha, Óige Chruthaitheach, Sláinte agus Folláine Chruthaitheach, Gníomh Chruthaitheach ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht agus Tionscail Chruthaitheacha, agus Tionscadal Chultúr an Rialtais 2025 (arna nuashonrú i mí na Bealtaine 2021) a thacaíonn leis an gceart atá ag saoránaigh ar fud na hÉireann páirt a ghlaicadh i saol cultúrtha agus cruthaitheach an náisiúin agus a ainmníonn luach na cruthaitheachta maidir le folláine an duine aonair agus chomhchoiteann.

Leagann na cuspóirí atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach IMMA 2024-2028 béim ar an gcaoi a mbeidh ról gníomhach ag an Áras chun tacú le folláine fhisiciúil agus mheabhrach, nuáláiocht agus cruthaitheacht, cáilliocht an chomhshaoil, rannpháirtíocht phobail agus chultúrtha, rannpháirtíocht shibhialta agus léiriú cultúrtha a shainainthnítear mar chomhpháirteanna rithábhachtacha de Chreat Folláine d'Éirinn (an dara tuarascáil foilsithe i mí an Mheithimh 2022).

Faoi Thionscadal Éireann 2040, straitéis uileghabháilach fhadtéarmach an Rialtais, aithníonn an Creat Pleanála Náisiúnta an gá atá le 'Áiseanna agus Oidhreacht Feabhsaithe' mar phríomhfhachtóir in inbhuanaitheacht oidhreacht chultúrtha uathúil na hÉireann agus i muintearas idir daoine in Éirinn.

Tá sé mar aidhm aige folláine na saoránach a fheabhsú trí infheistíochta dhéanamh chun cruthaitheacht, idirghníomhú sóisialta agus rannpháirtíochta a chur chun cinn. Beidh tionchar ag leathnú chláir rannpháirtíochta IMMA faoi gach ceann dá spriocanna ar fhorbairt phobail agus ar rannpháirtíochta sna healaíona, ag cur spás cultúrtha solúbtha ar fáil ag IMMA ar féidir leis freastal ar raon leathan d'élimh chultúrtha áitiúla.

Tacaíonn sprioc IMMA le bheith ina 'Ionad Taighde agus Nuáláiochta' agus ina 'Nascóir Domhanda' go díreach le cuspóirí straitéiseacha an Rialtais atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040 agus i bPlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 a fhéachann le cál na hÉireann mar cheannaire sa réimse cultúrtha a neartú trí líonra bonneagai inbhuanaithe cultúrtha den chéad scoth a fhorbairt trí Chlár Infheistíochta na bhForas Cultúr Náisiúnta.

Tá imní maidir le hinbhuanaitheacht agus leis an gcomhshaoil mar bhonn agus mar thaca ag cuid mhór den straitéis seo agus is é an ceann feadhna é atá taobh thiar den sprioc le bheith ina 'Spreagadh le haghaidh Athrú'. Trí riómhchlárú ealaíonta fairsing agus taighde agus forbairt idirdhisciplíneach, féachann IMMA ní hamhán le bheith níos inbhuanaithe ina chleachtais féin ach le páirt a thabhairt do phobail agus iad a spreagadh chun sochaí níos glaine agus níos glaise a chruthú, ag cur le haistriú na hÉireann chuig cosán níos inbhuanaithe mar ata leagtha amach i bPlean Gníomhaitear son na hAeráide 2021 agus i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028 de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

## BUNSRAITHEANNA A THÓGÁIL TAR ÉIS 2028

Is é plean fadtéarmach IMMA ná barrfheabhsú a dhéanamh ar an mbonneagar reatha agus tosaíocht a thabhairt d'lonad Bailiúcháin agus Foghlama nua a forbairt. Tá aighneacht á hullmhú don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt & Meán. Cé nach mbeidh cláir chaipitiúla críochnaithe laistigh de fhrama ama na tréimhse straitéise seo, tá sé beartaithe ag na tosaíochtaí straitéiseacha atá leagtha amach sa doiciméad seo tacú le hacmhainn nua agus le tionchar IMMA amach anseo mar phríomhchampas ealaíne comhaimseartheta na hÉireann.

Oibreoidh IMMA go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí chun Máistirphlean Forbartha a forbairt don láithreán a bheidh ag teacht le pleannana bainistíocha comhrá don láithreán. Déanfaidh IMMA síneadh a chartlainne ealaontóirí a phíolótú trí roinnt cartlann suntasach a fháil, cartlanna ealaonta agus coimeádaiochta araon, chun creat a thógáil chun labhairt faoi ealaín agus faoi Éirinn i bhfóram poiblí.



**Fig 1.** As Above, So Below - Portals, Visions,  
Spirits & Mystics, IMMA.



Fig 1. IMMA Outdoors. & Fig 2. IMMA Courtyard.



# MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR DHUL CHUN CINN

Déanfar monatóireacht agus measúnú ar dhul chun cinn sna pleananna gnó agus lé reofar é i dtuarascálacha Bliantúla IMMA.

- Tacófar le gach ceann de chuspóirí an Phlean Straitéisigh seo trí phríomhghnómhartha a bheidh mar chuid de phleananna gnó bliantúla a fhobrófar i gcomhairle leis an bhfoireann. Déanfar rannchuidíú gach ball foirne a fhobairt go soiléir agus go comhoibríoch i bplean cur chun feidhme straitéiseach bliantúil mionsonraithe a leathnóidh gach ceann de na ceithre thosaíocht a luaitear.
- Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn i gcoinne na spriocanna seo.
- Déanfaidh IMMA an dul chun cinn a rianú agus cuirfidh sé in iúl ina thuarascálacha bliantúla é.

## PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

Forbraíodh spriocanna straitéiseacha roimh 30ú breithlá IMMA in 2021 le cúnamh ó Jane McDaid, Bunaitheoir agus Ceannaire Nuálaíochta Cruthaithí THINKHOUSE, i gcomhairle le Feidhmeannas agus foireann IMMA, Cathaoirleach IMMA, David Harvey agus comhalaí Bhord na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus sraith rannpháirtíochta níos leithne le geallsealbhóirí ar fud 2021/22. In 2023, d'fhobair agus d'fhaomh Bord Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus an Stiúrthóir an straitéis 'Spreagadh le haghaidh Athrú – Plean Straitéiseach IMMA 2024 – 2028'.

# COMHALTAÍ BOIRD IMMA

(amhail mí Eanáir 2024)

Ali Curran, Cathaoirleach

Mary Apied

Gerard Byrne

John Cunningham

Dermod Dwyer

Mike Fitzpatrick

Eva Kenny

Margot Lyons

Jess Majekodunmi

Sinéad O'Sullivan

Is í an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán príomh-mhaoinitheoir IMMA. Forlíontar deontas i gcabhair ón Rialtas ag ioncam a bhailítear trí thacaíocht chorparáideach agus dhaonchairdiúil agus trí na gníomhaiochtai tráchtála a thionscnaíonn IMMA ar ár láithreán.

## SONRAÍ TEAGMHÁLA

Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann

Baile Átha Cliath 8,

D08 FW31

+353 1 6129900

[www.imma.ie](http://www.imma.ie)

**Facebook:** @IrishMuseumofModernArt

**Instagram:** @immaireland

**LinkedIn:** @IMMA – Áras Nua-Ealaíne na hÉireann



# IMMA

